RFA 4

# CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

## Iarratas ó thoghthóirí atá faoi choinneáil i bpríosún de bhun ordú cúirte a n-ainm a chur san áireamh i bhForlíonadh 2019/2020 a ghabhann le Clár na dToghthóirí

**Léigh na nótaí go cúramach, le do thoil, sula gcomhlánóidh tú an fhoirm.**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1. | Ainm: **(bloclitreacha)** | | | | | | | |
| | [Cuir isteach mionsonraí eile, le do thoil, amhail Mór, Beag, ainm eile nó túslitir, má tá duine eile ag a bhfuil an túsainm nó an sloinne céanna cláraithe ag an seoladh céanna.] | | | | | | | |
| 2. | Seoladh Baile Reatha[1]:<br>**(bloclitreacha)** | | | | | | | |
| | Eircode: | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| 3. | Cén uair a chuaigh tú chun gnáthchónaithe ag an seoladh thuas ar dtús? | | | | | | | |
| 4. | Cá raibh cónaí ort díreach sula ndeachaigh tú chun cónaithe ag do sheoladh baile reatha ag 2 thuas? **(bloclitreacha)** | | | | | | | |
| | Eircode: | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| 5. | Má bhí gnáthchónaí ort ag aon seoladh (seoltaí) eile ó 1 Meán Fómhair 2018 (seachas an príosún agus na cinn a luaitear i 2 agus 4), tabhair na mionsonraí le do thoil: | | | | | | | |
| | Eircode: | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| 6. | Dáta Breithe: | | | | | | | |
| 7. | Cuir tic (√) **i mbosca amháin**, le do thoil, chun a thaispeáint cén grúpa lena mbaineann tú: | | | | | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| ● Saoránach d'Éirinn | ☐ | ● saoránach Briotanach | ☐ |
| ● náisiúnach de Bhallstát AE eile (seachas an Ríocht Aontaithe) | ☐ | ● náisiúnach de thír neamh-AE | ☐ |

[1] Is é sin an seoladh a mbeifeá ag cónaí ann faoi láthair mura mbeifeá i bpríosún. Beidh tú in ann vótáil d'iarrthóirí sa toghcheantar ina bhfuil an seoladh seo lonnaithe.

| | | |
|---|---|---|
| 8.(a) | Cuir tic (√) i mbosca amháin mar is cuí chun a thaispeáint cibé an raibh tú: | |
| | cláraithe roimhe seo mar thoghthóir | ☐ |
| | nach raibh tú cláraithe riamh roimhe seo mar thoghthóir | ☐ |
| 8.(b) | Má bhí tú cláraithe mar thoghthóir, tabhair le do thoil seoladh an chlárúcháin: **(bloclitreacha)** | |
| | Eircode: | ☐ ☐ ☐ ☐ ☐ ☐ ☐ |

| | | |
|---|---|---|
| 9. | **An Clár faoi Eagarthóireacht:**<br>Más mian leat **nach ndéanfar** do chuid mionsonraí a chur san áireamh sa Chlár faoi eagarthóireacht, cuir (√) sa bhosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm: | Bosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm<br>☐ |

| | | |
|---|---|---|
| 10. | **Dearbhú**<br>Ní mór an chuid seo a shíniú os comhair oifigeach ábhartha de chuid an phríosúin.[2]<br><br>Creidim go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam thuas fíor agus déanaim iarratas m'ainm a áireamh san Fhorlíonadh a ghabhann le Clár na dToghthóirí. | |
| | Síniú nó Marc an Iarratasóra | |
| | Dáta: | |

| | |
|---|---|
| 11. | **Deimhniú Céannachta**<br>Ní mór d'oifigeach ábhartha de chuid an phríosúin an chuid seo a chomhlánú.<br><br>Deimhním gur deimhin liom céannacht an iarratasóra a bhfuil cuid 10 sínithe nó marcáilte aige/aici os mo chomhair. |

| | | |
|---|---|---|
| Síniú an Oifigigh Ábhartha: | | Stampa an Phríosúin |
| Ainm an Oifigigh Ábhartha: **(bloclitreacha)** | | |
| Céim/Teideal: | | |
| Uimhir an Oifigigh Ábhartha: | | |
| Fón: | | |
| Dáta: | | |

[2] Is ionann "Oifigeach Ábhartha" agus an Gobharnóir nó duine arna cheapadh aige nó aici chun clárú a dhéanamh agus dualgais eile a bhaineann le vótáil.

## NOTAÍ A GHABHANN LE FOIRM RFA 4

### Iarratas ó thoghthóirí atá faoi choinneáil i bpríosún de bhun ordú cúirte a n-ainm a chur san áireamh san Fhorlíonadh a Ghabhann le Clár na dToghthóirí

**1.** Tá príosúnach a bhfuil a ainm/hainm san áireamh i liosta na bpostvótálaithe i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghchán nó i reifreann tríd an bpost. Chun d'ainm a bheith san áireamh i liosta na bpostvótálaithe (nó san fhorlíonadh a ghabhann le liosta na bpostvótalaithe), ní mór d'ainm a bheith san áireamh ar chlár reatha na dtoghthóirí **Más príosúnach tú agus nach bhfuil d'ainm ar chlár reatha na dtoghthóirí ní mór duit an fhoirm seo (RFA 4) agus foirm RFG1 a chomhlánú más mian leat vóta a chaitheamh tríd an bpost.**

**2.** Ba chóir duit an fhoirm seo (RFA 4) a chomhlánú má tá tú faoi choinneáil i bpríosún agus mura bhfuil tú cláraithe mar vótálaí agus más mian leat d'ainm a áireamh i gclár reatha na dtoghthóirí. Forálann an fhoirm seo do dhearbhú céannachta ó oifigeach ábhartha an phríosúin ina bhfuil tú faoi choinneáil.

**3.** Ní dóigh go mbeidh duine atá faoi choinneáil i bpríosún in ann dul i bpearsa chuig stáisiún vótaíochta ar an lá vótaíochta i dtoghchán nó i reifreann agus tá an té sin i dteideal vóta a chaitheamh tríd an bpost má bhíonn a n-ainm san áireamh ar liosta na bpostvótálaithe a ghabhann le clár na dtoghthóirí. Chun d'ainm a chur san áireamh i liosta na bpostvótálaithe ní mór do dhuine an Fhoirm RFG 1 ar leithligh a chomhlánú.

**4.** Chun d'ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh, ní mór duit a bheith:

(a) 18 bliana d'aois nó níos sine (féach nóta 5);

(b) gan a bheith cláraithe cheana féin mar thoghthóir

(c) gnáthchónaí a bheith ort ag an seoladh a mbeadh cónaí ort murach tú a bheith faoi choinneáil i bpríosún agus atá ar an gclár

**5.** Maidir le 4 (a) thuas, beidh duine incháilithe lena ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann leis an gclár an lá a mbeidh an té sin 18 mbliana d'aois

nó aon lá ina dhiaidh sin lena n-áirítear laethanta a thiteann idir an lá deiridh a nglacfar le hiarratais agus an lá vótaíochta. Ba cúnamh a bheadh ann nuair a bheifí ag breithniú iarratas ó dhuine atá 18 mbliana d'aois dá mbeadh cóip de theastas breithe an té sin nó doiciméad comhchosúil istigh leis an bhfoirm.

**6.** Chun moill ar phróiseáil d'iarratais a sheachaint, cinntigh le do thoil go gcomhlánóidh tú an fhoirm ina hiomláine. Ní mór an fhoirm seo a shíneadh chuig an oifigeach ábhartha sa phríosún a sheolfaidh chuig an údarás clárúcháin (an Chomhairle Cathrach, an Chomhairle Contae nó an Chomhairle Cathrach agus Contae) í sa limistéar ábhartha, i.e. an limistéar a bhfuil do sheoladh baile lonnaithe.

**7. Eircode**

Is é atá in Eircode ná an córas náisiúnta postchód in Éirinn agus cuimsíonn sé postchód uathúil 7 ndigit atá sannta do gach seoladh dá bhfuil ann in Éirinn.

**8. An Clár faoi Eagarthóireacht – Dhá Leagan den Chlár**

Tá sé de cheangal ar údaráis chlárúcháin dhá leagan den chlár a fhoilsiú – an clár iomlán agus an clár faoi eagarthóireacht. Sa chlár iomlán, liostaítear gach duine atá i dteideal vóta a chaitheamh agus ní féidir é a úsáid ach amháin chun críche toghcháin nó chun críche reachtúla eile.

Sa **chlár faoi eagarthóireacht**, faightear ainmneacha agus seoltaí daoine ar féidir a gcuid mionsonraí a úsáid ar mhaithe le nithe seachas cúrsaí toghcháin nó cúrsaí reachtúla eile e.g. ar mhaithe lena n-úsáid i gcomhair margaíochta dírí ag eagraíocht tráchtála nó ag eagraíocht de chineál eile. Más rud é nach mian leat do chuid mionsonraí a bheith san áireamh sa chlár faoi eagarthóireacht, is ceart duit (√ ) a chur isteach **sa bhosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm** ag Cuid 9 den fhoirm. Más mian leat do chuid mionsonraí a bheith san áireamh (i.e. ar fáil le haghaidh úsáidí neamhreachtúla), ní ceart duit ( ) a chur isteach sa bhosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm.

9. **Dearbhú/Deimhniú Céannachta**

Ní mór an dearbhú i gcuid 10 den fhoirm iarratais a shíniú os comhair comhalta den Gharda Síochána as do Stáisiún Gardaí áitiúil. Más deimhin leis an nGarda cé tú féin déanfaidh sé nó sí cuid 11 den fhoirm a shíniú, a stampáil agus dáta a chur uirthi.

10. Má tá tú ag déanamh iarratais i ndiaidh toghcháin nó reifrinn, ní mór an t-iarratas a bheith faighte ag an gComhairle Cathrach, ag an gComhairle Contae nó ag an gComhairle Contae agus Cathrach 14 lá ar a laghad roimh an lá vótaíochta (gan Domhnaí, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Poiblí a áireamh) le gur féidir é a bhreithniú le háireamh san fhorlíonadh a ghabhann leis an toghchán nó an reifreann sin.

Is é atá sa dáta deiridh a nglacfaidh údarás clárúcháin le hiarratas ainm a áireamh san fhorlíonadh a ghabhlann le liosta na bpostvótálaithe (Foirm RFG1) ná dhá lá tar éis dháta lánscor na Dála i gcás olltoghcháin agus dhá lá tar éis an t-ordú maidir leis an lá vótaíochta a dhéanamh i gcás toghchán agus reifreann eile. Mura bhfuil tú cláraithe cheana féin mar thoghthóir ní bheidh an t-údarás clárúcháin abálta d'iarratas d'ainm a áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le liosta na bpostvótálaithe (Foirm RFG1) a bhreithniú gan d'iarratas ar d'ainm a áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le clár na dtoghthóirí (RFA4) a bhreithniú ar dtús.

11. Cuirfidh an t-údarás clárúcháin a gcinneadh ar d’iarratas in iúl duit agus, má dhiúltaítear dó, tabharfar na cúiseanna leis an diúltú duit. Sa chás is go ndiúltaítear d'iarratas, beidh sé de cheart agat achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh an Chláraitheora Contae.

12. Is cion é mainneachtain aon fhaisnéis a theastaíonn ón údarás clárúcháin nó ón gcláraitheoir contae chun críche a ndualgas a thabhairt don údarás nó don chláraitheoir sin nó faisnéis bhréagach a thabhairt go feasach.